AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.9.2024
COM(2024) 398 final

2024/0221 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1994 ón gComhairle lena n-údaraítear don Chróit beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar phointe (a) d'Airteagal 26(1) agus ar Airteagail 168 agus 168a de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

De bhun Airteagal 395(1) de Threoir 2006/112/CE an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha[1] (‘an Treoir maidir le CBL’), féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d’aon toil ar thogra ón gCoimisiún, údarú a thabhairt d’aon Bhallstát bearta speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar fhorálacha na Treorach sin, chun an nós imeachta um bailiú CBL a shimpliú nó chun cineálacha áirithe imghabhála nó seachanta cánach a chosc.

Le litir a cláraíodh leis an gCoimisiún an 3 Aibreán 2024, d’iarr an Chróit síneadh ar an maolú ar Airteagal 26(1), pointe (a), Airteagal 168 agus Airteagal 168a den Treoir maidir le CBL chun leanúint de shrian a chur leis an gceart CBL ar ionchur ar cheannach agus ar léas gluaisteán paisinéirí a asbhaint, lena n-áirítear ceannach na n-earraí agus na seirbhísí uile arna soláthar i ndáil leis sin. Mar aon leis an iarraidh ar shíneadh, chuir an Chróit isteach tuarascáil ina raibh athbhreithniú ar an gcéatadán dá bhforáiltear maidir leis an gceart asbhainte a theorannú.

I gcomhréir le hAirteagal 395(2) den Treoir maidir le CBL, chuir an Coimisiún na Ballstáit eile ar an eolas le litir dar dáta an 14 Bealtaine 2024 maidir leis an iarraidh a rinne an Chróit. Le litir dar dáta an 15 Bealtaine 2024, thug an Coimisiún fógra don Chróit go raibh an fhaisnéis uile a raibh gá léi aige, dar leis, chun breithmheas a dhéanamh ar an iarraidh.

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Foráiltear le hAirteagal 168 den Treoir maidir le CBL go bhfuil duine inchánach i dteideal asbhaint a dhéanamh ar CBL a ghearrtar ar cheannacháin a dhéantar chun críche idirbheart cáinmhuirearaithe. Maidir le CBL ar chaiteachas a bhaineann le réadmhaoin atá mar chuid de shócmhainní gnó duine inchánach agus a úsáidtear chun críoch gnó agus neamhghnó araon, foráiltear le hAirteagal 168a(1) den Treoir maidir le CBL nach mbeidh an CBL sin inasbhainte ach amháin i gcomhréir le cion úsáid na maoine chun críocha ghnólacht an duine inchánach. De bhun Airteagal 168a(2) den Treoir maidir le CBL, féadfaidh na Ballstáit an riail sin a chur i bhfeidhm freisin maidir le caiteachas a bhaineann le hearraí eile, mar a shonraíonn siad, ar cuid de na sócmhainní gnó iad. Ceanglaítear le hAirteagal 26(1)(a) den Treoir chéanna go mbeidh úsáid earraí ar cuid de na sócmhainní gnó iad chun críoch príobháideach mar bheadh soláthar seirbhísí ar chomaoin ann má bhí CBL ar na hearraí incháilithe lena n-asbhaint. Leis an gcóras sin is féidir CBL a asbhaineadh ar dtús a aisghabháil i ndáil leis an úsáid phríobháideach.

I gcás gluaisteáin paisinéirí, is deacair an córas sin a chur i bhfeidhm, go háirithe toisc gur deacair an deighilt idir úsáid phríobháideach agus úsáid ghnó a shainaithint. I gcás ina gcoimeádtar taifid, cuireann siad ualach breise ar an ngnólacht agus ar an riarachán araon iad a choinneáil ar bun agus a sheiceáil.

De bhun Airteagal 395 den Treoir maidir le CBL, féadfaidh na Ballstáit bearta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar fhorálacha na Treorach maidir le CBL chun simpliú a dhéanamh ar an nós imeachta um bailiú CBL nó chun cineálacha áirithe imghabhála agus seachanta cánach a chosc má rinne an Chomhairle iad a údarú.

[1] IO L 347, 11.12.2006, lch. 1.

Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1994 ón gComhairle[2], údaraítear don Chróit teorainn 50 % a chur leis an gceart CBL a íoctar ar cheannach agus léasú gluaisteán sonraithe paisinéirí a asbhaint, lena n-áirítear na hearraí agus na seirbhísí uile arna soláthar i ndáil leis sin a cheannach, nuair nach n-úsáidtear na gluaisteáin sin go hiomlán chun críoch gnó. Leis an mbeart speisialta sin freisin, déantar daoine inchánacha a shaoradh ó bheith ag caitheamh le húsáid neamhghnó gluaisteán paisinéirí den sórt sin mar sholáthar seirbhísí. Gluaisteáin paisinéirí a chumhdaítear leis an mbeart seo, is mótarfheithiclí iad atá beartaithe chun daoine a iompar agus ag a bhfuil ocht suíochán ar a mhéad sa bhreis ar shuíochán an tiomána. Má úsáidtear gluaisteáin paisinéirí le haghaidh gníomhaíochtaí sonracha áirithe, eisiatar iad ón srian ar an gceart asbhainte agus caitear leo faoi na gnáthrialacha. Baineann sé sin le feithiclí a úsáidtear chun oiliúint a chur ar thiománaithe, tástáil feithiclí, seirbhísí deisiúcháin, gníomhaíocht eacnamaíoch a bhaineann le hiompar paisinéirí agus earraí, iompar daoine éagtha nó feithiclí a fháil ar cíos, chomh maith le feithiclí a cheannaítear chun críche athdhíola. Tá an t-údarú sin le dul in éag an 31 Nollaig 2024 tar éis síneadh a bheith curtha leis, arna fhormheas le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1997 ón gComhairle an 15 Samhain 2021[3].

An iarraidh reatha ón gCróit ar shíneadh breise a chur leis an mbeart speisialta, tá sí bunaithe ar na forais chéanna a cuireadh i láthair san iarraidh roimhe seo. Tá tuarascáil ag gabháil leis an iarraidh ina bhfuil athbhreithniú ar an teorannú céatadáin a cuireadh i bhfeidhm maidir leis an gceart asbhainte, mar a cheanglaítear le hAirteagal 6 de Chinneadh Cur Chun Feidhme 2018/1994/AE ón gComhairle. Measann an Chróit go bhfuil feidhm fós ag na coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm an bhirt speisialta agus gurb í an teorainn 50 % ar CBL ar ionchur a asbhaint an teorainn is iomchuí i gcónaí.

Mhínigh an Chróit, i bhfianaise na sonraí arna soláthar ag daoine inchánacha agus ag riaracháin chánach araon, go leantar le gluaisteáin paisinéirí atá ina gcuid de shócmhainní gnó a úsáid chun críoch príobháideach ag 50 % ar an meán. I ndáil leis sin, chuir an Chróit dhá shuirbhé isteach a rinneadh ag tús 2024 maidir le húsáid gluaisteán paisinéirí a úsáidtear chun críoch gnó agus príobháideach, ina léirítear gur cosúil go bhfuil sé réalaíoch fós céatadán an chirt chun cáin ionchuir a asbhaint a shocrú ag 50 %.

I bhfianaise thionchar dearfach an bhirt speisialta ar an ualach riaracháin atá ar cháiníocóirí agus údaráis chánach araon, moltar síneadh ar an mbeart maolaithe atá ann faoi láthair a údarú. Ba cheart an t-údarú a bheith bailí go ceann tréimhse theoranta eile , i.e. go dtí an 31 Nollaig 2027, chun gur féidir athbhreithniú a dhéanamh ar riachtanas agus éifeachtacht an bhirt mhaolaithe agus ar an ráta cionroinnte idir úsáid ghnó agus neamhghnó ar a bhfuil sé bunaithe. Ba cheart tuarascáil a bheith ag gabháil le haon iarraidh ar shíneadh ina mbeidh athbhreithniú ar an gcéatadán a chuirtear i bhfeidhm agus ba cheart í a sheoladh chuig an gCoimisiún faoin 31 Márta 2027.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Deonaíodh maoluithe den chineál céanna maidir leis an gceart asbhainte do Bhallstáit eile (an Eastóin[4], an Iodáil[5], an Laitvia[6], an Ungáir[7], an Pholainn[8] agus an Rómáin[9]).

---

2 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1994 ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena n-údaraítear don Chróit beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagal 26(1), pointe (a) agus Airteagail 168 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha, IO L 320, 17.12.2018, lgh. 35–36.

3 IO L 408, 17.11.2021, lgh. 1-2.

4 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1998 ón gComhairle an 15 Samhain 2021 lena n-údaraítear don Eastóin beart a chur i bhfeidhm de maolú ar phointe (a) d'Airteagal 26(1) agus ar Airteagail 168

Sonraítear in Airteagal 176 den Treoir maidir le CBL go gcinnfidh an Chomhairle an caiteachas nach bhfuil CBL in-asbhainte ina leith. Go dtí sin, tá údarú tugtha aici do na Ballstáit eisiaimh a bhí i bhfeidhm an 1 Eanáir 1979 a choinneáil ar bun. Mar sin tá roinnt forálacha 'neamhghníomhaíochta' lena gcuirtear srian leis an gceart CBL a asbhaint i ndáil le carranna paisinéirí.

D'ainneoin tionscnaimh roimhe seo chun rialacha a bhunú maidir leis na catagóirí caiteachais a d'fhéadfadh a bheith faoi réir srian ar an gceart asbhainte[10], is iomchuí maolú den sórt sin le linn tréimhse ina bhfuiltear ag fanacht le comhchuibhiú na rialacha sin ar leibhéal an Aontais Eorpaigh.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Airteagal 395 den Treoir maidir le CBL.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

I bhfianaise na forála sa Treoir maidir le CBL ar a bhfuil an togra bunaithe, níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta.

- **Comhréireacht**

Baineann an Cinneadh le húdarú arna dheonú do Bhallstát ar a iarraidh féin agus níl aon oibleagáid ann.

I bhfianaise raon feidhme teoranta an mhaolaithe, tá an beart speisialta comhréireach leis an aidhm atá á saothrú, i.e. an nós imeachta um bailiú cánach a shimpliú agus cineálacha áirithe imghabhála nó seachanta cánach a chosc. Go háirithe, ós rud é go bhféadfadh gnólachtaí gan a

---

agus 168a de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 408, 17.11.2021, lgh. 3-5).

5 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2411 ón gComhairle an 6 Nollaig 2022 lena leasaítear Cinneadh 2007/441/CE lena n-údaraítear do Phoblacht na hIodáile bearta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 26(1)(a) agus Airteagal 168 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 317, 9.12.2022, lgh. 120–121).

6 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1968 ón gComhairle an 9 Samhain 2021 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2015/2429/AE lena n-údaraítear don Laitvia beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar phointe (a) d'Airteagal 26(1) agus Airteagail 168 agus 168a de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 401, 12.11.2021, lgh. 1-2).

7 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1774 ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2021 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2018/1493 lena n-údaraítear don Ungáir beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar phointe (a) d'Airteagal 26(1) agus Airteagail 168 agus 168a de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 360, 11.10.2021, lgh. 108–109).

8 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2385 ón gComhairle an 6 Nollaig 2022 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/805/AE lena n-údaraítear do Phoblacht na Polainne bearta a thabhairt isteach de mhaolú ar phointe (a) d'Airteagal 26(1) agus ar Airteagal 168 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 315, 7.12.2022, lgh. 87–88).

9 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1262 ón gComhairle an 4 Meán Fómhair 2020 lena leasaítear Cinneadh 2012/232/AE lena n-údaraítear don Rómáin bearta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 26(1)(a) agus Airteagal 168 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 296, 10.9.2020, lgh. 6-7).

10 COM (2004) 728 final - Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 77/388/CEE d'fhonn oibleagáidí cánach breisluacha a shimpliú (IO C 24, 29.1.2005, lch. 10) a tarraingíodh siar an 21 Bealtaine 2014 (IO C 153, 21. 5. 2014, lch. 3)

ndliteanais uile a dhearbhú agus i bhfianaise na seiceála troma ar shonraí maidir le míleáiste le haghaidh údaráis chánach, leis an srian 50 % shimpleofaí an nós imeachta um bailiú CBL agus dhéanfaí imghabháil cánach *inter alia* trí choinneáil taifead mícheart a chosc.

- **An rogha ionstraime**

An ionstraim a mholtar: Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle.

Faoi Airteagal 395 den Treoir maidir le CBL, ní féidir maolú ar fhorálacha coiteanna CBL ach i gcás ina n-údaróidh an Chomhairle é sin agus í ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún. Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle, sin í an ionstraim is oiriúnaí ó tharla gur féidir í a dhíriú chuig Ballstát aonair.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX-POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Ní dhearnadh aon chomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara. Tá an togra seo bunaithe ar iarraidh a rinne an Chróit agus baineann sé leis an mBallstát áirithe sin amháin.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Ní raibh gá le dul i muinín saineolais sheachtraigh.

- **Measúnú tionchair**

Tá an togra ceaptha an nós imeachta maidir le cáin a ghearrtadh a shimpliú trí dheireadh a chur leis an ngá atá ann daoine inchánacha taifid a choinneáil ar úsáid phríobháideach gluaisteán sonraithe paisinéirí, agus, an tráth céanna, cosc a chur le imghabháil CBL trí thaifid mhíchearta a choinneáil. Dá bhrí sin, d'fhéadfaí tionchar dearfach a bheith aige ar ghnólachtaí agus ar an riarachán cánach araon.

Rinne Comhlachas Eacnamaíochta na Cróite suirbhé ag tús 2024 chun a chinneadh an raibh an céatadán 50 % fós ábhartha. Seoladh ceistneoir chuig 7 389 n-eintiteas gnó, agus fuarthas 585 fhreagra. Thairis sin, rinne cuideachta neamhspleách, Promocija plus Ltd., suirbhé in 2024 ar úsáid gluaisteán chun críoch gnó agus príobháideach ar shampla de 600 duine a n-úsáideann a dteaghlach carr oifigiúil. I bhfianaise na hanailíse a rinneadh ar thorthaí an dá shuirbhé, tagann an Chróit ar an gconclúid, i gcás úsáid mheasctha gluaisteáin, go bhfuil an úsáid chun críocha gnó ag 50 % ar an meán. Dá bhrí sin, tá an céatadán 50 % den cheart chun cáin ionchuir a asbhaint fós réalaíoch agus bunaithe ar anailísí a rinneadh.

Cé gur laghdaíodh ioncam buiséid CBL an stáit go meánmhéid bliantúil HRK 410 milliún, méid atá thart ar EUR 54,4 milliún, mar gheall ar an teorannú 50 % ar an gceart chun cáin ionchuir a asbhaint ar cheannach agus ar léasú gluaisteán paisinéirí, lena n-áirítear ceannach na n-earraí agus na seirbhísí uile a sholáthraítear i ndáil leis sin, tá méadú tagtha ar an CBL a bhailítear ó ghluaisteáin paisinéirí agus óna gcomhpháirteanna de dheasca an mhéadaithe ar phraghas na ngluaisteán. Dá bhrí sin, ní raibh tionchar mór ag an mbeart ar bhuiséad an stáit, agus laghdaíodh an t-ualach riaracháin a eascraíonn as na bearta is gá chun rialú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na hasbhainte ón CBL ar ionchur le haghaidh daoine inchánacha agus an riaracháin cánach araon.

Shainaithin an Chróit gur beart oiriúnach é an réiteach, beart atá inchomparáide le maoluithe eile a bhí ann roimhe agus atá ann faoi láthair.

- **Cearta bunúsacha**

Níl aon iarmhairt ag gabháil leis an togra maidir le cosaint na gceart bunúsach.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Beidh éifeacht dhiomaibhseach ag an togra ar mhéid foriomlán an ioncaim cánach a bhailítear ag céim an tomhaltais chríochnaithigh agus ní bheidh aon drochthionchar aige ar acmhainní dílse an Aontais a fhabhraíonn ó CBL.

5. EILIMINTÍ EILE

Tá teorainn ama leis an togra agus áirítear ann clásal éagtha arna shocrú don 31 Nollaig 2027.

I gcás ina measfadh an Chróit síneadh eile a chur leis an mbeart speisialta tar éis 2027, ba cheart tuarascáil lena n-áirítear athbhreithniú ar theorainn an chéatadáin a chur faoi bhráid an Choimisiúin mar aon leis an iarraidh ar shíneadh, agus é sin a dhéanamh tráth nach déanaí ná an 31 Márta 2027.

2024/0221 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1994 ón gComhairle lena n-údaraítear don Chróit beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar phointe (a) d'Airteagal 26(1) agus ar Airteagail 168 agus 168a de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha[1], agus go háirithe Airteagal 395(1), an chéad fhomhír, de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagail 168 agus 168a de Threoir 2006/112/CE bunaítear ceart na ndaoine inchánacha an cháin bhreisluacha (CBL) a ghearrtar ar sholáthairtí earraí agus seirbhísí a fhaigheann siad chun críocha a n-idirbheart cáinmhuirearaithe a asbhaint. Tá ceanglas in Airteagal 26(1), pointe (a), den Treoir sin, cuntas a thabhairt ar CBL nuair a úsáidtear sócmhainn ghnó chun críoch príobháideach daoine inchánacha nó a bhfoirne nó, ar bhonn níos ginearálta, chun críoch eile seachas a ngnó.

(2) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1994 ón gComhairle[2], údaraítear don Chróit teorainn 50 % a chur leis an gceart CBL a íoctar ar cheannach agus ar léasú gluaisteán sonraithe paisinéirí ag a bhfuil ocht suíochán ar a mhéad sa bhreis ar shuíochán an tiomána a asbhaint, lena n-áirítear na hearraí agus na seirbhísí uile arna soláthar i ndáil leis sin a cheannach, nuair nach n-úsáidtear na gluaisteáin sin go hiomlán chun críoch gnó. Leis an údarú sin, déantar daoine inchánacha a shaoradh ó bheith ag caitheamh le húsáid neamhghnó gluaisteán paisinéirí den sórt sin mar sholáthar seirbhísí ar chomaoin. Tá Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1994 le dul in éag an 31 Nollaig 2024.

(3) Le litir a cláraíodh leis an gCoimisiún an 3 Aibreán 2024, d'iarr an Chróit údarú chun leanúint de mhaolú ar Airteagal 26(1), pointe (a) agus Airteagail 168 agus 168a de Threoir 2006/112/CE a chur i bhfeidhm chun srian a chur leis an gceart asbhainte i ndáil le caiteachas a bhaineann le gluaisteáin áirithe paisinéirí nach n-úsáidtear chun críoch gnó amháin ('an beart speisialta').

[1] IO L 347, 11.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2006/112/oj.

[2] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1994 ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena n-údaraítear don Chróit beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar phointe (a) d'Airteagal 26(1) agus Airteagail 168 agus 168a de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 320, 17.12.2018, lch. 35, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2018/1994/oj).

(4) I gcomhréir le hAirteagal 395(2), an dara fomhír, de Threoir 2006/112/CE, tharchuir an Coimisiún an iarraidh arna déanamh ag an gCróit chuig na Ballstáit eile le litir dar dáta an 14 Bealtaine 2024. Le litir dar dáta an 15 Bealtaine 2024, thug an Coimisiún fógra don Chróit go raibh an fhaisnéis uile a raibh gá léi aige, dar leis, chun breithmheas a dhéanamh ar an iarraidh.

(5) I gcomhréir le hAirteagal 6, an dara mír, de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1994, chuir an Chróit tuarascáil isteach lena n-áirítear an t-athbhreithniú ar an gcéatadán a leagtar síos maidir leis an gceart asbhainte a theorannú. I bhfianaise na faisnéise atá ar fáil faoi láthair, dheimhnigh an Chróit go bhfuil an teorainn 50 % fós inchosanta agus go bhfuil sé fós iomchuí.

(6) I bhfianaise thionchar dearfach an bhirt ar an ualach riaracháin ar cháiníocóirí agus ar údaráis chánach araon trí bhailiú CBL a shimpliú agus imghabháil cánach trí thaifid mhíchearta a choinneáil a chosc, ba cheart údarú a thabhairt don Chróit leanúint den bheart speisialta. Ba cheart teorainn ama a chur le síneadh an bhirt speisialta, go dtí an 31 Nollaig 2027, ionas go bhféadfar meastóireacht a dhéanamh ar a éifeachtacht agus ar an gcéatadán iomchuí.

(7) I gcás ina measann an Chróit gur gá síneadh a chur leis an mbeart speisialta de bhreis ar an síneadh dá bhforáiltear faoin gCinneadh seo, ba cheart di an iarraidh a shíneadh, mar aon le tuarascáil ina n-áireofar athbhreithniú ar an gcéatadán a cuireadh i bhfeidhm, a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Márta 2027.

(8) Beidh éifeacht dhiomaibhseach ag an mbeart speisialta ar mhéid foriomlán an ioncaim cánach a bhailítear ag céim an tomhaltais chríochnaithigh agus ní bheidh aon drochthionchar aige ar acmhainní dílse an Aontais a fhabhraíonn ó CBL.

(9) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1994 ón gComhairle a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1994:

‘*Airteagal 6*

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo ón 1 Eanáir 2019 go dtí an 31 Nollaig 2027.

Aon iarraidh ar shíneadh a chur leis an údarú dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, cuirfear faoi bhráid an Choimisiúin í faoin 31 Márta 2027 agus beidh tuarascáil ag gabháil léi ina mbeidh athbhreithniú ar an gcéatadán a leagtar amach in Airteagal 1.’.

Airteagal 2

Is chuig Phoblacht na Cróite a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán